Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2023
(OR. en)

15256/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0390 (NLE)**

**TRANS 495**
**COWEB 140**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 693 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le tacar coiteann rialacha a thabhairt isteach i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair, a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 693 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 693 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2023
COM(2023) 693 final

2023/0390 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le tacar coiteann rialacha a thabhairt isteach i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair, a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach arna bhunú faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('TCT') a mhéid a bhaineann le tacar coiteann rialacha a thabhairt isteach i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair (an 'Bhuan-Rúnaíocht') a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair.

Go bunúsach, leis an athrú atá beartaithe a dhéanamh ar na rialacha, méadófar líon na rannpháirtithe dá dtugtar tacaíocht in aghaidh na hinstitiúide tarmligin ionas gur beirt rannpháirtithe, seachas duine amháin, a gheobhaidh tacaíocht le haghaidh imeachtaí áirithe lena ndírítear ar fhothú acmhainneachta, agus tabharfar isteach liúntas cothaithe laethúil arb ionann é agus an liúntas cothaithe laethúil is infheidhme maidir le foireann TCT. Dá bhrí sin, leis an gcinneadh atá beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach, tabharfar isteach tacar coiteann rialacha i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair. Cuirfear an cinneadh seo in ionad na rialacha a glacadh de bhun Chinntí Uimh. 2020/5[1] agus Uimh. 2021/02[2] ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1 An Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

An 1 Bealtaine 2019, rinne Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Chosaiv[*] (dá ngairtear an Chosaiv anseo feasta), Montainéagró agus Poblacht na Seirbia TCT a dhaingniú. Is páirtí é an tAontas Eorpach in TCT, tar éis Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[3]. Tháinig TCT i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

### 2.2 Go sonrach, déanann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an méid seo a leanas:

Bunaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le hAirteagal 24 TCT chun bheith freagrach as TCT a riar agus as a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é mar is cuí. Chun na críche sin, déanann sé moltaí agus cinntí sna cásanna sin dá bhforáiltear in TCT. Go sonrach, déanann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an méid seo a leanas:

(a) ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta,

(b) déanann sé cinntí maidir le coistí teicniúla a bhunú,

(c) déanann sé moltaí agus cinntí i gcomhréir le TCT,

---

[1] Maidir leis na rialacha i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh freastal ar chruinnithe i gcáil saineolaí

[2] Maidir leis na rialacha i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair

[*] Ní dochar an t- ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[3] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 71, 13.3.2019, lgh. 1).

(d) a mhéid a bhaineann le gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais, gníomhaíonn sé de réir mar is iomchuí, go háirithe trí Iarscríbhinn I a ghabhann le TCT a athbhreithniú,

(e) ceapann sé Stiúrthóir na Buan-Rúnaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Aireachta,

(f) féadfaidh sé Leas-Stiúrthóir amháin nó níos mó a cheapadh ar an mBuan-Rúnaíocht,

(g) leagann sé síos rialacha na Buan-Rúnaíochta,

(h) féadfaidh sé, trí bhíthin cinnidh, leibhéal na ranníocaíochtaí buiséid a athbhreithniú,

(i) glacann sé buiséad bliantúil TCT,

(j) glacann sé an cinneadh lena sonraítear an nós imeachta um chur chun feidhme an bhuiséid, cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh agus cigireacht a dhéanamh,

(k) déanann sé cinntí faoi dhíospóidí a chuireann na Páirtithe Conarthacha ina láthair,

(l) glacann sé prionsabail ghinearálta ó thaobh rochtain a fháil ar dhoiciméid, i ndáil le doiciméid atá i seilbh comhlachtaí a bunaíodh le TCT, nó a bunaíodh faoi TCT,

(m) glacann sé tuarascálacha bliantúla a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta, maidir le cur chun feidhme an Ghréasáin Chuimsithigh,

(n) i ndáil le gníomhartha áirithe de chuid an Aontais, bunaíonn sé teorainneacha ama agus bealaí i gcomhair thrasuí na ngníomhartha sin ag Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

Ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin thar ceann gach Páirtí Chonarthaigh, sin atá ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Is féidir le Ballstáit uile an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir. Is d'aon toil a ghníomhaíonn an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

### 2.3 An Buiséad agus Rialacha Airgeadais

Leagtar amach an ranníocaíocht a chuirfear i mbuiséad an Chomhphobail Iompair in Iarscríbhinn V a ghabhann le TCT. Is é 80 % an sciar den bhuiséad a sholáthraíonn an tAontas Eorpach agus soláthraíonn Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa an 20 % eile.

An 15 Nollaig 2022 ghlac Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair rialacha airgeadais athbhreithnithe agus nósanna imeachta athbhreithnithe um iniúchadh is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair.

Leis na rialacha airgeadais cuirtear ar a chumas do Stiúrthóir na Buan-Rúnaíochta buiséad an Chomhphobail Iompair a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 36 TCT.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tá béim leagtha roimhe seo ag cuid de Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa ar dheacrachtaí a bhain le bheith rannpháirteach in imeachtaí éagsúla de chuid TCT agus i gcruinnithe oifigiúla mar gheall ar shrianta rialtais ar chostais taistil. Is é an toradh a bhí air sin, i mórán cásanna, nach rabhthas in ann a áirithiú go mbeifí i láthair go fisiciúil ag cruinnithe. Ina theannta sin, an struchtúr institiúideach agus leithdháileadh na bhfreagrachtaí laistigh de chuid de Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa, fágann siad uaireanta gur ghá níos mó ná ionadaí amháin in aghaidh na hinstitiúide tarmligin a bheith rannpháirteach.

Rud eile a d'eascair as srianta rialtais ar chostais taistil laistigh de Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa is ea go raibh ualach riaracháin breise nár bheag ar an mBuan-Rúnaíocht, agus formhór Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa a bhí rannpháirteach in imeachtaí, d'iarr siad eisceacht agus réamhíocaíocht as bheith rannpháirteach, rud a d'fhág go ndearna an Bhuan-Rúnaíocht taisteal agus cóiríocht a réamhshocrú.

Ar na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh ar na rialacha aisíocaíochta is infheidhme faoi láthair, tá moladh go méadófaí líon na rannpháirtithe dá dtugtar tacaíocht in aghaidh na hinstitiúide tarmligin ionas gur beirt rannpháirtithe, seachas duine amháin, a gheobhadh tacaíocht le haghaidh imeachtaí áirithe lena ndírítear ar fhothú acmhainneachta, chomh maith le comhchuibhiú na rialacha is infheidhme maidir le saineolaithe seachtracha agus rannpháirtithe ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa, lena n-áirítear liúntas cothaithe laethúil a thabhairt isteach arb ionann é agus an liúntas cothaithe laethúil is infheidhme maidir le foireann TCT. Liúntas cothaithe laethúil a thabhairt isteach, meastar gur rud é sin a laghdóidh an t-ualach riaracháin a bhíonn ar an mBuan-Rúnaíocht freisin, mar nach gcaithfidh sí socruithe taistil agus/nó lóistín a chur in áirithint roimh ré thar ceann na rannpháirtithe ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

Dá bhrí sin, glacadh an chinnidh atá beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach, is rud é a bhfuil gá leis ar mhaithe le TCT a chur chun feidhme, agus chun go bhfeidhmeoidh Buan-Rúnaíocht agus comhlachtaí an Chomhphobail Iompair mar is cuí. Ós rud é gur páirtí é an tAontas in TCT, is gá seasamh an Aontais maidir leis an gcinneadh atá beartaithe a leagan síos.

Ar an ábhar sin, meabhraítear gur gné amháin é TCT lena bhféadfaí an comhar réigiúnach a fheabhsú laistigh de na Balcáin Thiar, mar a mhínítear a thuilleadh sa togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú TCT[4].

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1 Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1 Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*'.

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu sin, freisin, ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach acu faoin dlí idirnáisiúnta, ach 'a *d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[5].

*4.1.2 Feidhm maidir leis an gcás seo*

Comhlacht a bunaíodh le comhaontú, mar atá TCT, is ea an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

An gníomh a iarrtar ar an gCoiste Riaracháin Réigiúnach a ghlacadh, tá sé ina ghníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Dá bharr sin, beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach

4 COM(2017)324 final, fomhír 'An Comhthéacs Ginearálta'.

5 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, Cás C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 25(1) TCT. Is é an fáth atá leis sin go dtugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach, faoi Airteagal 35 TCT, cinneadh a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta um chur chun feidhme an bhuiséid. De bhun Airteagal 25(1) TCT, beidh cinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach ina cheangal ar na Páirtithe Conarthacha.

Ní dhéantar creat institiúideach TCT a fhorlíonadh ná a leasú leis na gníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2 Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin ar an mbunús dlí nach foláir a bheith leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad atá i ndlúthnasc do-scartha le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Na gníomhartha atá beartaithe, tá siad riachtanach chun go bhfeidhmeoidh TCT mar is cuí. Dá réir sin, le TCT, saothraítear cuspóirí i réimsí an iompair de bhóthar, d’iarnród agus d’uiscebhealaí intíre, ar modhanna iompair iad a chumhdaítear le hAirteagal 91 CFAE, agus freisin i réimse an iompair de mhuir, modh iompair a chumhdaítear le hAirteagal 100(2) CFAE, agus tá comhpháirteanna TCT ann ar leis na réimsí sin a bhaineann siad. Ós gníomhartha cothrománacha iad, baineann na gníomhartha atá beartaithe leis na nithe sin uile.

Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe: Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE.

### 4.3 Conclúid

Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le Airteagal 218(9) CFAE, sin iad ba cheart a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.4. Foilsiú an ghnímh atá beartaithe

I gcomhréir le hAirteagal 25(2) TCT, foilseofar na cinntí ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2023/0390 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le tacar coiteann rialacha a thabhairt isteach i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair, a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Formheasadh TCT thar ceann an Aontais an 4 Márta 2019[6] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le TCT chun TCT a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí. De bhun Airteagal 35 TCT, féadfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach cinntí a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta um chur chun feidhme an bhuiséid.

(3) Tá coinne leis an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach cinneadh a ghlacadh maidir le tacar coiteann rialacha a thabhairt isteach i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair. Cuirfear an cinneadh seo in ionad na rialacha a glacadh de bhun Chinntí Uimh. 2020/5[7] agus Uimh. 2021/02[8] ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a leagan síos, mar ní bheidh an cinneadh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas.

(5) Ós rud é go bhfuil gá leis an gcinneadh sin ar mhaithe le dea-fheidhmiú Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair agus chomhlachtaí an Chomhphobail Iompair, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach maidir le glacadh an chinnidh chéanna, is iomchuí an seasamh sin a leagan síos.

[6] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 71, 13.3.2019, lgh. 1).

[7] Maidir leis na rialacha i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh freastal ar chruinnithe i gcáil saineolaí

[8] Maidir leis na rialacha i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair maidir leis an gcinneadh i dtaca le tacar coiteann rialacha a thabhairt isteach i ndáil le haisíoc speansais arna thabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Chomhphobal Iompair, ar cinneadh é a chuirfear in ionad na rialacha a glacadh de bhun Chinntí Uimh. 2020/5 agus Uimh. 2021/02 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach, is seasamh é a bheidh bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú do mhionathruithe ar an dréachtchinneadh gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*